1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**BP-25-083**

**Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)**

**Dáta:** 15 Meán Fómhair 2025
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL

**I láthair:**
Charlotte O'Donovan, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Vicki Casserly, an Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey

**Leithscéalta:** Brigid Manton, Claire McGing, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Eoghan Dockrell, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Pamela Kearns

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Mairead Walsh, Ceann an Chiste; Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, An Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

**1. Leithscéalta/Comhbhrón**

Tugadh faoi deara na leithscéalta ó na baill seo a leanas: Brigid Manton, Claire McGing, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Eoghan Dockrell, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Pamela Kearns.

Cuireadh comhbhrón in iúl do theaghlaigh uile na foirne atá buailte ó chruinniú deireanach an bhoird.

**2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa**

Níor dearbhaíodh aon choinbhleacht.

**3. Nithe atá le Réiteach ag an mBord**

**3.1 Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 16 Meitheamh 2025.
**Molta ag:** Charlotte O'Donovan, **An duine a thacaigh léi:** An Clr. Eimear Carbone-Mangan

**3.2 Glacadh le Téarmaí Tagartha agus Buanorduithe an Bhoird**

D'fhormheas an Bord glacadh le Téarmaí Tagartha agus Buanorduithe an Bhoird.
**Molta ag:** Ken Farrell, **Duine a thacaigh leis:** Colm Kilgallon

**3.3 Boird Bhainistíochta**

- Ronan McLoughlin a cheapadh mar Ionadaithe BOO ar Bhord Bainistíochta **Choláiste Pobail Setanta**

**Molta:** An Clr. Eimear Carbone-Mangan**, Duine a thacaigh léi:** Wayne Carey

- Stiofán Ó hIfearnáin a cheapadh mar Ionadaithe Múinteoirí ar Bhord Bainistíochta **Choláiste Chilliain**
  **Molta:** An Clr. Eimear Carbone-Mangan**, Duine a thacaigh léi:** Wayne Carey

**3.4 Éilimh ó Chomhaltaí an Choiste**

D'iarr an Feidhmeannas ar chomhaltaí an Bhoird aon éileamh atá gan réiteach a chur isteach.

**3.5 Ard-Rúnaí BOOÉ ag Éirí as Oifig**

Tá sé fógartha ag Paddy Lavelle go rachaidh sé ar scor i mí an Mhárta 2026. Aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) thar ceann an Bhoird maidir leis an bpróiseas do phost buan Phríomhfheidhmeannach BOOÁCDL.

**3.6 Soláthar Maoinithe Gearrthéarmach**

Aontaíodh ar mholadh Wayne Carey, agus an Comhairleoir Yvonne Collins ag tacú leis, cead a lorg chun saoráid rótharraingthe a fháil, i gcás go mbeadh gá léi faoi dheireadh na bliana.

**3.7 Sceideal Chruinnithe Bhord BOOÁCDL don bhliain acadúil 2025-2026**

D'aontaigh an Bord na dátaí cruinnithe seo a leanas:

- Dé Luain, an 20 Deireadh Fómhair 2025
- Dé Luain, an 17 Samhain 2025
- Dé Céadaoin, an 25 Feabhra 2026 – Ceadú an Phlean Seirbhíse (Cumaisc)
- Dé Céadaoin, an 25 Márta 2026 – Ceadú an Ráitis Airgeadais Bhliantúil (Cumaisc)
- Dé Luain, an 18 Bealtaine 2026
- Dé Luain, an 15 Meitheamh 2026

Cuirfidh an Feidhmeannas dátaí cruinnithe comhaontaithe in iúl go foirmiúil leis na Comhairlí chun coinbhleachtaí sceidealaithe a sheachaint.

**3.8 Comhdháil Bhliantúil BOOÉ**

Chuir an Feidhmeannas in iúl an tábhacht a bhaineann le Comhdháil Bhliantúil BOOÉ aon lae an 9 Deireadh Fómhair agus spreag sé na baill chun freastal uirthi nuair is féidir.

**3.9 Coláiste na Todhchaí**

Tá an suíomh is fearr linn i gceantar Shoird aitheanta agus faighte ag BOOÁCDL. Fanann an praghas agus an suíomh faoi rún, toisc go bhfuil an t-eolas seo íogair ó thaobh na tráchtála de, ach cuireadh figiúr táscach ar fáil don Bhord. Dheimhnigh an Feidhmeannas don Bhord go léiríonn an ceannachán luach maith ar airgead agus suíomh den scoth, agus atá i gcomhréir le straitéis tairisceana BOOÁCDL. Tá an dícheall cuí riachtanach á dhéanamh ag BOOÁCDL ar an suíomh faoi láthair d'fhonn dul ar aghaidh lena cheannach. Cheadaigh an Bord ceannach na talún ag BOOÁCDL ar an dícheall cuí a chur i gcrích go rathúil.

**Molta**: Wayne Carey; **Duine a thacaigh leis** : An Clr. Yvonne Collins

**4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord**

**4.1 Coistí an Bhoird** – Tugtha ar aird

**4.2 Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin agus Comhfhreagras** - Tugtha faoi deara

**4.3 Plean Soláthair Chorparáidigh agus Plean Soláthair Ilbhliantúil** – Tugadh faoi deara

**4.4 Ionaid Dhá Fheidhme agus Maoiniú**

Chuaigh BOOÁCDL i dteagmháil leis an ROÓ i rith mhíonna an tsamhraidh maidir leis na hionaid spóirt dhéchuspóireacha. Leanann BOOÁCDL de bheith i dteagmháil le húdaráis áitiúla maidir le samhlacha maoinithe oiriúnacha agus inbhuanaithe. D'athdhearbhaigh an Bord a dtacaíocht maidir leis an ábhar seo.

**4.5 Oiliúint Bhord Bainistíochta do Scoileanna**

Cuirfidh an Feidhmeannas oiliúint ar fáil maidir le ról na mBord Bainistíochta i mí Dheireadh Fómhair agus oiliúint don Chathaoirleach agus do na Príomhoidí i mí na Nollag.

**4.6 Sceideal Cur i Láthair an Bhoird – Bliain acadúil 2025/2026**

D'aontaigh an Bord le Sceideal Cur i Láthair an Bhoird mar a leanas

- Deireadh Fómhair – Cosaint Leanaí
- Samhain – Straitéis
- Feabhra – Inbhuanaitheacht
- Márta – Tionscadail Foirgníochta Scoile agus Breisoideachais agus Oiliúna (BOO)
- Aibreán – Seirbhísí Óige
- Bealtaine – Breisoideachais agus Oiliúna
- Meitheamh – Cibearshlándáil / Intleacht Shaorga

**4.7 Ceistneoir Féinmheasúnaithe an Bhoird**

Eiseoidh an Feidhmeannas an ceistneoir chuig comhaltaí an Bhoird agus tréimhse comhlánaithe 2/3 seachtaine acu.

**4.8 Foirmeacha – Rúndacht an Bhoird agus Dearbhú Neamhchlaontachta an Bhoird**

Comhlánú bliantúil ag teastáil chun riachtanais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas BOOnna a fhorfheidhmiú.

**4.9 Nuashonrú ar Scoileanna Speisialta**

Ceapachán Nichola Spokes mar bhainisteoir scoile aonair PSS Bhéal Maighne agus PSS Leamhcáin.

Tugadh nuashonrú ar dhul chun cinn tógála scoile, iontrálacha agus earcaíocht agus lean plé ar aghaidh maidir leis an dá scoil speisialta nua, le Leamhcán agus le Béal Maighne. Pléadh na seirbhísí timfhillteacha atá ar fáil agus dheimhnigh BOOÁCDL go bhfuil siad ag fanacht lena leithdháileadh ina leith seo. Tugadh an t-eolas is déanaí don Bhord maidir leis na hoibreacha atá críochnaithe i nDanu le linn mhíonna an tsamhraidh agus leis an obair atá ar siúl ar an síneadh modúlach.

**5 Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1 Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach**

Scaipeadh tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ón Stiúrthóir i bpacáiste an Bhoird agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird ó bhéal iad.

**5.2 Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus tugadh faoi deara í.

Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

**5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus tugadh faoi deara í.

Phléigh Ross Lynam dul chun cinn maidir leis na tionscadail seo a leanas;

- Gaelcholáiste Reachrann
- Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn
- Coláiste Pobail Leamhcáin
- Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
- Pobalscoil Speisialta Danú
- Pobalscoil Speisialta Leamhcáin
- Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne
- BOO Chluain Dolcáin
- Coláiste na Todhchaí
- Ionad Traenála Tamhlachta
- Painéil PV

**5.4 Próifíl Foirne**

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

**5.5 Beartais - tugtha ar aird**

Beartais - Tugtha ar aird

Clár Riosca – tugtha ar aird

**6 Nithe a Chuir an Bord isteach**

Tá Eoghan Dockrell éirithe as an mBord. Táimid ag fanacht le deimhniú ó Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le ceapachán ionadaí nua ar an mBord.

**7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile**

20 Deireadh Fómhair 2025 ag 4:30pm